Nuacht Feirste

Sinn Féin

Uimhir 49 16ú Eanáir Táille 10p

# Ag troid don Ghaeilge



LE CIAN MAC AOIDH

*"TA barúil agam nach mbítear chomh dáiríre sin i leith cur chun cinn labhairt na Gaeilge mar theanga cumarsáide ag daltaí na scoile ina measc féin, agus go háirithe ag amanna sosa i gclós na scoile."*

Tháinig an rabhadh sin an tseachtain seo ón oideachasoir Gaeilge, Micheál Ó Fathaigh agus é ag nochtadh a imní fan Bhearlóireacht i scoileanna Gaeilge.

Ag moladh go gcuirfí polasaí teanga i bhfeidhm in achan Ghaelscoil dúirt Micheal Ó Fathaigh gur *"obair leanúnach gan staonadh"* é cur chun cinn labhairt na Gaeilge *"mar ghnáthnós laethúil i measc na ndaltaí"*.

Ar seisean:

*"Tá tábhacht faoi leith le tacaíocht agus treisiú na dtuismitheoirí freisin agus ról tábhachtach acu i bhfeidhmniú an pholasaí teanga ina dteaghlaigh féin."*

### ATHRÚ POLASAÍ

Agus ag scríobh an tseachtain seo in iris Gaelscoileanna maíonn uachtarán na heagraíochta Breandán Mac Cormaic go bhfuil an t-aire oideachais agus Roinn an Oideachais i ndiaidh athrú polasaí i dtaobh an oideachais lán-Ghaeilge a chur i bhfeidhm.

Ó mhí Mhean Fómhair tá trí scoil Ghaeilge ó Dheas ag dul ar aghaidh gan aitheantas ó Roinn an Oideachais. Tá na scoileanna seo i Rinn Mathain agus Parklands i gCorcaigh agus ar an Chnoc Theas i Luimneach. Tá feachtais áitiúla agus náisiúnta ar siúl le haitheantas a bhaint amach do na trí scoil seo agus tá siad faoi lánseoil anois.

Arsa Mac Cormaic:

*"Is léir dúinne, ag éirí as ar tharla i mbliana, go bhfuil athrú polasaí sa Roinn i dtaobh an oideachais lán-Ghaeilge, agus go bhfuil an Roinn ag iarraidh bac a chur ar an bhfás atá ag tarlú. Ní ghlacaimid leis sin agus creidim go mbeidh an bua againn."*

Is féidir síntiúisí d'Achainí Náisiúnta Gaelscoileanna a sheoladh chuig Gaelscoileanna, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Atha Cliath.

## Siamsa Ghlór na nGael

Beárr mall

Tamalín (Clann McSherry)
Mooncoin (Gerry Jones)
Bríd Keenan Brian Moore
Céilí Mór le Séamus de Faoite
Taispéantas Rinncí.

Cumann Caidrimh
Bhaile Andarsan
Dé Sathairn
31ú Eanáir

# Tacaíocht tréan ó IDATU

**LE LINN cuairte ar Bhéal Feirste an tseachtain seo gheall ard-rúnaí IDATU, an triú ceárchumann is mó sa tír, tacaíocht iomlán a eagrais do Naíonra Mhic Airt atá faoi bhagairt ó rialtas na Breataine. Mhaigh John Mitchell, a bhfuil páistí dá chuid féin ar scoileanna Gaelacha i mBaile Átha Cliath, go dtroidfeadh an ceardchumann chomh láidir in éadan bagairtí an rialtais is a throid siad in aghaidh Dunnes Stores san aighneas clúiteach i mBaile Átha Cliath.**



● *John Mitchell ag bronnadh seic £200 ar Máirín McGuinness ó Naíonra Barr Cluanaí*

Tá tugtha le fios ag an Roinn Forbartha ó thuaidh nach ndíolfar deontais le Naíonra Mhic Airt i ndiaidh an 20ú lá Feabhra. Is baill d'IDATU gach múinteoir naíonra i mBéal Feirste agus gach oibrí de chuid Ghlór na nGael.

Nuair a thug sé cuairt ar an naíonra is úire i mBéal Feirste, Naíonra Bárr Cluanaí, bhronn John Mitchell seic £200 ar dhuine de choiste na scoile, Máirín McGuinness. Tá an naíonra nua suite i Sólann na Carraige Báine agus i gcionn míosa beidh deichniúr páiste ag freastal air.

Dúirt Mitchell:

*"Tá polasaí ag IDATU atá fabhrach don Ghaeilge agus shíl muid gurbh fhiú ar mbá don teanga a léiriú ar an dóigh seo. Bhí me i gcuid mhaith de na scoileanna Gaeilge seo i mBéal Feirste agus caithfidh mé a rá go ndeachaigh siad i bhfeidhm orm. Tá siad ag tabhairt féinmheas agus dínite do phobal atá ag fáil griosála le céad bliain anuas nó níos mó."*

Tá sé naíonra ag feidhmniú i mBéal Feirste faoi láthair. 'Siad sin: Ard Eoin, Mac Airt, Naíscoil Bhreandáin (Bóthar Seoighe), Cill Uaighe, Bun na bhFál agus anois Baile Uí Mhurchú. Tá súil ag Gaeilgeoirí sa chathair an darna bunscoil lánGhaelach a bhunú i mí Mean Fómhair 1987.

## HONDURAS

**CUIREANN sé iontas in amanna ar an lucht féachana i Tegucigalpa go bhfuil oifigigh airm Honduras sasta na *contras* a thraenáil os rud é go bhfuil an chontúirt ann go dtiocfaidh cogadh le Nicearagua dá thairbhe.**

De réir *US News and World Report*, síleann cuid acu go bhfuil cuid mhaith den airgead atá ag teacht ó rialtas na Stát Aontaithe chuig na *contras* go bhfuil sin (b'fheidir 60% de) ag críochnú suas i bpócaí na n-oifigeach airm i Hondúras.

## MOSAIMBIC

**TÁ Simbabue ag déanamh réidh le trí bhriogáid eile d'á n-arm féin a sheoladh isteach i Mosaimbic le troid in éadan treallchogaithe *UNITA* a bhfuil airgead is gach cineál eile tacaíochta acu ó rialtas na hAfraice Theas.**

Dúirt rialtas Robert Mugabe ar na mallaibh go mbeidh coimhlint roimh i bhfad, ní amháin idir trúpaí rialtais i Mosaimbic agus UNITA (atá ag iarraidh tairbhe a bhaint as bás an Uachtaráin, Samora Machel) ach go mbeidh trúpaí Simbabue páirteach sa troid fosta ar thaobh rialtais Mosaimbic agus in éadan frithréabhlóidí na heite deise ins an eagraíocht UNITA atá ag iarraidh, le cuidiú rialtais Bhotha, deireadh o chur

## MÁLA POIST

A Chara,

I mí na Bealtaine 1987 geobhaidh Coiste Ghlór na nGael, Iarthar Bhéal Feirste trófaí Ghlór na nGael agus comhair a bheith £3,000 d'airgead duaise.

Is toradh as duais seo ar iarrachtaí Mhúintir Bhéal Feirste chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá sé ar intinn againn an t-airgead duaise a dháileadh do ghrúpaí i mBéal Feirste a bhfuil baint acu leis an chultúr Ghaelach.

Tá muid ag iarraidh ar na grúpaí seo scríobh chugainn ag cur síos ar a gcuid oibre ach go háirithe ba mhaith linn cuidiú le grupaí a bhfuil sé d'aidhm acu an Ghaeilge a chur chun cinn.

Tomás Ó Muireagáin,
Coiste Bhéal Feirste Thiar,
Glór na nGael,
22 Sraith Naomh Peadar,
Béal Feirste BT12 4RR.

CUMANN NA MÉIRLEACH

Bóthar Bhaile Andarsan



oíche cheoil


Gach Aoine

Fáilte romhaibh uilig

# An saol mór

le rialtas soisialíocht Mósaimbíc.

Ní fios fós an taisme i ndairíre a mharaigh Uachtarán Mosaimbic, Samora Machel, nó an raibh baint ag rialtas Botha leis an "*taisme*".



ROBERT MUGABE

## COS AR BHLOG

**OS rud é go raibh aird an tsaoil mhóir ar na hairm a dhíol na Meiriceánaigh leis an Iarain nuair tugadh faoi deara an chéad titim amach idir Washington agus priomh-aire Iosrael Isaac Shamir.**

Rinne na Poncánaigh gearán fá egarthóir Palaistíneach ó Bhruach Iartharach na hAbhann Jordan a ruaig na Israelaigh as an tír. Dúirt na hIosraelaigh as an tír. Dúirt na hEosraelaigh go go gcuirfidh ruaigh ar Phalaistín each ar bith a bhí ag tabhairt trioblóide dóibh agus gur cuma leo fá cé bhí míshásta leis.

## SIRIA AGUS IOSRAEL


**INS an Earrach seo chuaigh thart nuair a theip ar an ionsaí ar an eitleán ó El Al (aerline An Iosrael) i Londain, go rúnda, dúirt na Stáit Aontaithe le hIosrael, nach gcuirfeadh siadsan isteach orthu níos mó dá mba mhian leo ionsaí a dhéanfadh ar An tSiria.**

Mar sin féin, níor tharla an t-ionsaí agus deir foinsí taobh istigh de sheirbhís rúnda Iosrael nach dócha go dtarloidh sé mar tá conradh idir an Rúis is an tSiria agus bheadh contúirt mhór ann de choimhlint idir an dá mhórchumhacht.

## IOSRAEL I nGUATAMALA

**Ó 1954 ar aghaidh mharaigh rialtaisí éagsúla na heite deise a raibh an chumhacht acu i nGuatamala 150,000 duine, de réir eagraíochtaí ceartaí an duine.**

I 1977 shocraigh an t-Uachtarán Jimmy Carter ar deireadh a chur le cuidiú ó na Stáit Aontaithe chuig rialtas Ghuatmala. On am sin ar aghaidh sheas Iosrael sa bhearna agus chuir siad ar fáil airm, traenáil, coras cumarsáide míleata agus comhairel faoi cheistiú na bpríosúnach.


TÁ leabhran 48 leathanach foilsithe ag Foilseacháin Poblachtacha ina guirtear síos ar Ard-Fheis Sinn Fein 1986 – *The Politics of Revolution* ata air. Ta na príomh-oraidí ann ón díospóireacht ar neamhláithreachas ag Pat Doherty, John Joe McGirl, Joe Cahill and Martin McGuinness.

Tá oráid iomlán Ghearóid Mhic Adhaimh ann agus ráiteas an Chathaoirligh Náisiúnta, Sean MacManus.

£1.25 ó na gnáth-foinsí.

Le fáil ó 44 Cearnóg Pharnell, Baile Atha Cliath 1 nó 51/53 Bóthar na bhFál, Béal Feirste.


# Ás an ngéibheann

## PLUS CA CHANGE...

**TÁ nath ag na Francaigh a deir gur mbíonn rudaí mar a gcéanna dh'ainneoin gach athruithe. As sin a thagann an abairt '*plus ca change...*'.**

Is cinnte gurbh é sin a bhí in intinn Bhreandáin Mhic Phartholáin nuair a bhí sé ag teacht arais go dtí an Cheis Fhada tar éis a thurais ón Isealtír.

An lá ar bhain sé féin agus Gearóid O Ceallaigh an tír seo amach, bhí na bairdéir sa Cheis Fhada ar stailc agus bhí an príosún iomlán faoi ghlas. Bhí stailc ar siúl ag na bairdéir i mí Mean Fómhair 1983 fosta. Chríochnaigh an stailc sin coicís sular éiligh Bic, Gearóid agus na fir eile ag deireadh na míosa sin.

An stailc a bhí ann an t-am seo, thosnaigh sé gan rabhadh. Gabhadh ar bhairdéar agus é ina chodladh. Cuireadh ar fionraí é ar feadh chupla lá, agus shiúl a chomrádaithe amach ar agóid. Mar is gnáth ba iad na cimí a d'fhulaing de bharr agóidí na mbairdéar. An babhta seo bhí muid faoi lánghlas ar feadh dhá lá gan aclaíocht, bia cuí, nó áiseanna níocháin.

Tá a fhios ag na bairdéir gurb iad na cimí an bata is mó ata acu i gcoinne Oifig Thuaisceart Eireann. Má tá trioblóid sa charcair impeoidh OTE ar na bairdéir a dhul ar ais ag obair agus béidh réiteach gasta ar a n-éilimh. Ní imríonn poblachtánaigh an cluiche seo do na bairdéir; ní throidfidh muid cathanna ar a son. Ar ndóigh le linn an stailce bhris na dílseoirí fuinneoga a gcillíní féin. Seachas sin ní raibh móran ruaille buaille ann, ach bhí achan duine ag fanacht go fóill ar fhilleadh na beirte ón Ollainn.

Dé hAoine a bhain Bic amach an campa géibhinn. Tugadh arais go dtí H-Bhloc 7. Tugadh arais go dtí Sciathán C é. Tugadh arais go dtí a sheanchillín uimhir 22 é, an cillín as ar éalaigh sé trí bliana roimhe sin. Is cinnte go bhfaca sé an ioróin i gcleas na mbairdéar ach bheadh sé ag machnamh fosta ar an nath úd: *plus ca change*.

Eoghan Mac Cormaic
Na Blocanna-H.

## BUÍOCHAS


**CUIRIMID ár mbuíochas in iúl agus guímid ath-bhliain faoi mahise ar ár síntiúsóirí úrat James Cregg, Bolton, Ontario, Ceanada. Tomós O hArrachtain, Nolteridge, Londain. Brain S. O Mordha, Co. an Chabhán, A. O Fearghasa, Renfrewshire, Albain. Eugene Egan, Moshi, Tanzania. Seoirse O Broin, Ealing, London Tim Breathnach, San Francisco, SAM. John Duhy, Leicester, Sasana.**

# Scannán gorm

LE CIAN Mac AOIDH

**INNIU agus pornagrafaíocht de gach cineál ar fáil in achan choirneálsiopa ar Bhóthar na bhFál ligeann físeáin ar cíos b'iontach gur togadh raic i gcuid de na nuachtáin abhus fá mhíreanna nochta scannán Francach *Betty Blue* atá ag rith ar feadh coicíse sa Queen's Film Theatre, Béal Feirste.**

Scannán ealaíonta, deachumtha atá i *Betty Blue* fá bhean óg mhire atá in adharca leis an tsaol agus atá ag cuartú cúise le mairstin beo.

Níl an chaint ná iompar na naisteoir níos gairbhe ná an gnáthscript ar chlár grinn de chiuid an BBC, mar cruthaíodh ag an Nollaig arís, atá bunaithe ar fhoclaíocht choirp agus leithris.

### NÓSANNA

An fear a rinne *Diva,* Jean-Jacques Beineix, atá taobh thiar de *Betty Blue.* Scéal atá ann de lanúin, Betty (Beatrice Dalle) agus Zora (Jean-Hughes Anglade), a 'ealaíonn' ó dheisceart na Fraince go Paris nuair a ionsaíonn Betty fostaí Zorg. Leanann sí dá nósanna fíochmhara Paris áit a ngearann sí stiall d'aghaidh foilsitheora a dhiúltaíonn leabhar Zorg a fhoilsiú.

Ach i ndeisceart na Fraince áit a bhfuair siad post ag díol pianoanna síothlaíonn fearg Betty. Seo an chuid is greannmhaire den scannán agus ardaíonn greann agus lúchair na beirte go dtí go mbuaileann tragóid Betty agus tiontaíonn sí a fuath uirthi féin. Bí ag dúil le deireadh gruma cé nach bhfuil an bua séanta ar an lanúin go hiomlán.

### DRAÍOCHT

Tá buananna eile ag scannán seo Beineix ina measc an ceol draíochta le Gabriel Yared. Castar orainn sraith de charactair mealltacha cosúil le Eddy, úinéir bríomhar Bialainne, a bhfuil dúil ar leith aige i mná agus i Teaguila Rapido, deoch a mbeidh rachairt air as seo amach.

Is fiú cuairt a thabharit ar an cheann seo agus scannáin eile ar nós *True Stories* (le David Byrne, príomh-amhránaí Talking Heads) nó *Sid and Nancy* (bunaithe ar shaol ar iar-Sex Pistol Sid Vicious) a bhéas le feicéail ag deireadh na míosa.

*Betty Blue* **(18). QFT Béal Feirste.**




**Cumann Rodaí Mhic Chorlaí**


**DÉARDAOIN**

Oíche cheoil
ar son
*Belfast Exposed*

**DÉ hAOINE**

Oíche cheoil
ar son
Roinn an chultúir


# Crosfhocal 41



## Trasna

4. Duine leisciúil (7)
8. Eolasach, muinteartha (6)
9. Notaí, sraith rudaí scríofa (6)
10. Adh, dea-uair (7)
12. Féastaí (7)
14. Cathair ar an Lagan (4,7)
20. Rud éigin a leifeá (7)
23. Bláth le cealg inti (3)
24. A mhalairt de tanaí (6)
25. Níl seo dathúil nó álainn (6)
26. Neamhaire, faillí (7)

## Síos

1. Focal eile ar steallaire (6)
2. Seanfhocal do abhainn (7)
3. Dán, taisce (7)
5. A mhalairt de neart (5)
6. Mac Fhionn Mac Camhaill (5)
7. Ainm fir (6)
11. Tá an díobhal ina chonaí ann (7)
13. Focal eile ar muintir (3).
15. Caothúlacht, feiliúil (3)
16. Scéalaí (7)
17. Caitheann tú na rudaí seo (7)
18. Ainm fir, fear dubh (4)
19. Foilsiú, cuir amach cóip nuachtáin (6)
21. Dealbh nó cruth (5)
22. Déantar uisce beatha as an barra seo (5)

**Seoltar freagraí chuig, An tEagarthoir, *Nuacht Feirste*, 147 Bóthar Andarsan, Beal Feirste 11.**